AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.12.2025
COM(2025) 789 final

2025/0427 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne

2025/0427 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don tSualainn an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 28 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 4 Bealtaine 2022 d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 9 Samhain 2023[3] agus an 10 Nollaig 2024[4].

(2) An 19 Meitheamh 2025 rinne an tSualainn iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an tSualainn.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an tSualainn isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 18 mbeart.

(4) Mhínigh an tSualainn go ndearnadh dhá bheart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le hinfheistíocht 3 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh ilteaghaisí) faoi chomhchuid 1 (Téarnamh glas) agus le hinfheistíocht 1 (Beart méadaithe:

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj
[2] ST 7772/22 INIT; 7772/22 ADD 1.
[3] ST 14474/23 INIT; 14474/23 ADD 1.
[4] ST 15975/24 INIT; 15975/24 ADD 1.

Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh ilteaghaisí) faoi chomhchuid 6 (Caibidil REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSualainn go leasófaí na bearta thuasluaite. Ós rud é go bhfuil údar le leasú na mbeart mar gheall ar na himthosca sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir sin.

(5) Mhínigh an tSualainn go ndearnadh 15 bheart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lena bhféadfaí an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach ag an am céanna. Baineann sé sin le hinfheistíocht 1 (Infheistíochtaí aeráide áitiúla agus réigiúnacha), infheistíocht 2 (Infheistíochtaí aeráide san earnáil thionsclaíoch (An Léim Thionsclaíoch)), infheistíocht 5 (An dúlra luachmhar a chosaint) agus athchóiriú 1 (An próiseas maidir le ceadanna comhshaoil a chuíchóiriú) faoi chomhchuid 1 (Téarnamh glas), infheistíocht 1 (Tuilleadh áiteanna staidéir sa ghairmoideachas aosach réigiúnach), infheistíocht 3 (Acmhainní chun freastal ar éilimh ar oideachas in ollscoileanna agus in institiúidí ardoideachais eile) agus athchóiriú 3 (Clár gairmiúil náisiúnta do phríomhoidí, do mhúinteoirí agus do mhúinteoirí oideachais agus cúraim luath-óige) faoi chomhchuid 2 (Oideachas agus aistriú), infheistíocht 1 (An tionscnamh um chúram do dhaoine scothaosta), athchóiriú 1 (Teideal gairmiúil cúntóirí altranais a rialáil), athchóiriú 2 (Teorainneacha aoise coigeartaithe) agus athchóiriú 3 (Bearta níos láidre i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta) faoi chomhchuid 3 (Coinníollacha níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha), infheistíocht 1 (Cabhair infheistíochta le haghaidh tithíocht ar cíos agus tithíocht mac léinn) agus athchóiriú 2 (Athbhreithniú ar an gcreat rialála le haghaidh ceadanna tógála) faoi chomhchuid 5 (Infheistíocht le haghaidh fáis agus tithíochta), agus infheistíocht 2 (Bearta méadaithe: Cabhair infheistíochta le haghaidh tithíocht ar cíos agus tithíocht mac léinn) agus athchóiriú 1 (Dlús a chur leis an bpróiseas údaraithe maidir le heangacha leictreachais a thógáil) faoi chomhchuid 6 (Caibidil REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSualainn go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an tSualainn gur baineadh beart amháin ar mhaithe leis an ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú. Baineann sé sin le hinfheistíocht 1 (Bonneagar digiteach riaracháin phoiblí chomhpháirtigh) faoi chomhchuid 4 (Leathnú leathanbhanda agus digitiú an riaracháin phoiblí). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir.

Clocha míle agus spriocanna a dháileadh

(7) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an tSualainn i láthair a chur san áireamh.

Measúnú ón gCoimisiún

(8) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Costáil

(9) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid chostas measta iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte

atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(10) An chostáil le haghaidh infheistíocht 3 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh ilteaghaisí) faoi chomhchuid 1, thug an tSualainn cothrom le dáta í, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Sholáthair an tSualainn faisnéis agus fianaise leordhóthanach chun a dheimhniú go bhfuil costais na hinfheistíochta athbhreithnithe fós réasúnta agus inchreidte. Ar deireadh, tá méid chostais iomlána mheasta an phlean i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

Aon chritéir mheasúnaithe eile

(11) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an tSualainn chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (e), (f), (g), (h), (j) agus (k).

Measúnú dearfach

(12) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

Rannchuidiú airgeadais

(13) Is é EUR 3 452 688 140 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Sualainne, arb ionann é agus SEK 34 958 467 418 ar bhonn ráta tagartha EUR SEK BCE an 28 Bealtaine 2021. Ós rud é go bhfuil méid chostas measta iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Sualainn, an ranníocaíocht airgeadais arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Sualainne, ba cheart gurb é EUR 3 445 666 208 an ranníocaíocht sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuirtear ar fáil don Sualainn.

(14) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann

[5] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a ionadú go hiomlán.

(15) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Sualainne a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Airteagal 2
Leasuithe

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne mar a leanas:

cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne.

Airteagal 3
Seolaí

Is chuig Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán